

AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2018

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

An Tréimhse Tuairiscithe - 1 Eanáir go 31 Nollaig 2018

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí an cóipcheart sa tuarascáil seo de bhua alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo, ná aon chuid di, a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead sainráite chuige sin ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead ann maidir le húsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críocha oideachais.

Arna fhoilsiú ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí © 2019

# Clár na nÁbhar


## Roinn 1

1. Ráiteas an Chathaoirligh 2

2. Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta 6

3. Réamhrá 10

4. Achoimre ar na Teagmhais a tharla sa bhliain 2018 11

5. Achoimre ar Thuarascálacha a Foilsíodh i rith na bliana 2018 14

6. Samplaí de Chásanna a Foilsíodh sa bhliain 2018 21

7. Comparáidí idir Taismí Muirí 2009 - 2018 22

8. Treochtaí maidir le Básanna 2009 - 2018 23


Aguisín A 24

## Roinn 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018 25


An English language version of this Report is available on the Board's website, www.mcib.ie, or, on request, from the Secretary to the Board

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Cliona Cassidy, B.L.,**
Cathaoirleach

A Aire, a chara,

De réir cheanglais an Achta Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, tíolacaim an 16ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir - 31 Nollaig 2018.

Le halt 21 den Acht, ceanglaítear go ndéanfaidh an Bord an Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi do bhráid tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais ach, i mblianta roimhe seo, ní rabhthas in ann é sin a dhéanamh ós rud é gur chuir an Bord na cuntais iniúchta san áireamh sa Tuarascáil, ar cuntais iad nach mbíonn ar fáil de ghnáth laistigh den amscála 6 mhí sin. Le go gcomhlíonfaidh an Bord ceanglais an Achta, tá sé beartaithe tuarascáil a chur faoi do bhráid ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Bhoird agus, ina dhiaidh sin, tuarascáil ar leithligh a chur faoi do bhráid ina mbeidh cuntais iniúchta an Bhoird. Tá sé beartaithe an dá thuarascáil a chónascadh ar mhaithe lena bhfoilsiú agus lena n-uaslódáil chuig láithreán gréasáin MCIB*.

**Forléargas ar an mbliain 2018**

Chuir MCIB tús le himscrúduithe iomlána maidir le cúig thaisme muirí sa bhliain 2018 agus b'ionann an líon sin agus an líon taismí a imscrúdaíodh sa bhliain 2017. Rinneadh réamh-imscrúdú amháin maidir le teagmhas i gCalafort Bhaile Átha Cliath ar éirigh bás amháin as. San iomlán, cailleadh naonúr sa bhliain 2018 agus, maidir leis an líon sin básanna, cailleadh triúr mar gheall ar theagmhas amháin.

Tharla dhá bhás mar thoradh ar theagmhas a bhain le soithí iascaireachta. Cailleadh triúr in aon teagmhas amháin a bhain le mótarbhád le linn turas iascaireachta. Cailleadh beirt de bharr teagmhas eile a bhain le mótarbhád agus cailleadh duine amháin le linn cadhcáil a dhéanamh.

Ina theannta sin, rinne MCIB réamh-imscrúdú maidir le teagmhas i gCalafort Bhaile Átha Cliath ar bord long choimeádán ar teagmhas é inar cailleadh duine amháin. Tá an t-imscrúdú iomlán á dhéanamh ag an stát brataí.

Bunaíodh MCIB 16 bliana ó shin agus, suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2018, tá 223 thuarascáil foilsithe faoina chúram reachtúil aige maidir le teagmhais. D'fhoilsigh an Bord seacht dTuarascáil Deiridh sa bhliain 2018.

Is mian leis an mBord aird a tharraingt arís ar an tábhacht a ghabhann le pleanáil turais. Ní mór d'aon duine a bheartaíonn turas a dhéanamh eolas a chur ar an soitheach a bheidh á úsáid acu, ar na teorainneacha agus ar na sriantachtaí a bhaineann leis, agus ar an trealamh sábháilteachta ar bord agus ní mór dóibh a bheith ar an eolas i dtaobh an bhfuil an trealamh sin dóthanach don líon daoine a bheidh ar bord agus i dtaobh an bhfuil cothabháil chuí déanta ar an soitheach agus ar an trealamh sábháilteachta. Ní mór dóibh tuiscint a bheith acu ar an gcomharsanacht lena mbaineann, lena n-áirítear na dálaí aimsire don chomharsanacht sin. Tá na ceanglais sin tábhachtach is cuma cén cineál turais atá ann. Ar an drochuair, más rud é nach ndéantar ullmhúchán den sórt sin, is féidir le teagmhas a tharlaíonn le linn turais éirí níos measa agus d'fhéadfadh bás a bheith ann dá bharr. Is féidir le teagmhas tarlú go tapa agus ní dhéantar an chúis a shuíomh go réidh ina dhiaidh ach is féidir le réamhphleanáil, druileanna, chomh maith leleibhéal riachtanach eolais faoi shoitheach cuí agus faoi úsáid shábháilte an tsoithigh a bheith ina chabhair maidir le teagmhas a sheachaint.

Sa bhliain 2018, d'fhoilsigh an Bord tuarascáil maidir le hoibrí deonach a cailleadh go tragóideach le linn a bheith ag obair le seirbhís chuardaigh agus tarrthála Gharda Cósta na hÉireann i Meán Fómhair 2016. Tharraing an t-imscrúdú sin aird ar an tábhacht a bhaineann le soiléire i ndáil le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála agus i ndáil leis an tráth inar ceart oibríocht chuardaigh agus tarrthála a thiontú ina hoibríocht chuardaigh agus aisghabhála. D'fhéadfadh an difríocht idir cineálacha na n-oibríochtaí sin tionchar a imirt ar an measúnacht riosca is gá ag gach céim nó i ngach turas a chuirtear i gcrích le linn na hoibríochta agus, go háirithe, tionchar a imirt ar bheatha na dtarrthálaithe a bhíonn ag gabháil d'oibríocht aisghabhála.

*Cuireadh an tuarascáil ar Theagmhais agus ar Imscrúduithe agus na Ráitis Airgeadais faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt níos túisce i mbliana agus tá siad i gceangal leis an tuarascáil seo anois chun Tuarascáil Bhliantúil MCIB 2018 a chruthú.

D'fhoilsigh an Bord trí thuarascáil sa bhliain 2018 maidir le cásanna inar léirigh tuarascálacha tocsaineolaíochta a bhí curtha ar fáil ag oifig an Chróinéara go raibh fianaise ar dhrugaí nó ar alcól ann i leith an bháis. Ní bhíonn MCIB in ann éifeacht drugaí nó alcóil ar dhaoine a shuíomh ach is féidir le halcól agus le drugaí tionchar a imirt ar bhreithmheas, ar amharc, ar chomhordú agus ar agaí freagartha duine. Chuir MCIB fáilte roimh fhoilsiú Fhógra Muirí 11 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an 20 Márta 2018 á chur i gcuimhne d'úinéirí, do mháistrí agus d'úsáideoirí árthaí áineasa go bhfuil toirmeasc ar thomhailt alcóil agus/nó drugaí le linn soitheach a oibriú nó le linn a bheith ar bord soithigh. Is mian leis an mBord a chur i gcuimhne do gach oibreoir soithigh go bhfuil oibleagáid orthu glacadh lena bhfreagracht phearsanta agus a chinntiú go bhfuil siad inniúil chun dul i mbun an turais atá beartaithe acu.

Ní bhíonn imscrúdú iomlán ann mar thoradh ar gach teagmhas a chuirtear in iúl do MCIB. Sa bhliain 2018, rinneadh dhá réamh-imscrúdú nár uasghrádaíodh go céim an imscrúdaithe iomláin. Bhreithnigh an Bord 26 mhionteagmhas eile a bhain le comhoibriú idir MCIB agus stáit bhrataí eile agus, i roinnt cásanna, rinne Éire sonraí a uaslódáil chuig an Árdán Imscrúdúcháin Eorpach maidir le Taismí Muirí (EMCIP)*. (Féach Aguisín 1 chun mionsonraí a fháil).

Chríochnaigh an Bord an obair ullmhúcháin i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar an 25 Bealtaine 2018. Cé go raibh poiblíocht fhorleathan ann maidir le dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin, is próiseas leanúnach é an próiseas a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus tá deimhin á dhéanamh ag an mBord go gcuirtear san áireamh é i ngach gné dá chuid oibríochtaí.

Tráth scríofa na tuarascála seo, tá éiginnteacht ann i gcónaí maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag éirí as a ballraíochta san Aontas Eorpach. Tá tús curtha ag an mBord le measúnacht ar na tionchair a d'fhéadfadh Breatimeacht "Gan Chomhaontú" ar an 31 Deireadh Fómhair 2019 a imirt air.

### Imscrúduithe Seachtracha ar Thaismí

Is é painéal imscrúdaitheoirí seachtracha an Bhoird a sheolann gach imscrúdú ar thaismí. Cuimsíonn an painéal pearsanra ag a bhfuil cáilíochtaí teicniúla mar ailtirí cabhlaigh, mar innealtóirí muirí nó mar oifigigh dheice. Léiríonn an painéal inniúlacht agus taithí fhorleathan mhuirí ar nithe iad sin atá tábhachtach le linn imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh. Seoltar imscrúduithe d'aon toisc chun taismí muirí agus teagmhais mhuirí amach anseo a chosc. Ní mheastar in aon chás go gcinntear dliteanas nó go gcionroinntear milleán dá mbarr.

De ghnáth, is iad seo a leanas na céimeanna agus na torthaí a bhaineann le himscrúdú:

| | |
|---|---|
| **Fógairt** | Nuair a thugtar fógra do MCIB faoi thaisme nó faoi theagmhas muirí ní mór measúnacht a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar imscrúdú. |
| **Fianaise a Bhailiú** | Tar éis tús a chur le himscrúdú tá sé fíorthábhachtach fianaise, lena n-áirítear finnéithe a chur faoi agallamh, a bhailiú chomh gasta agus is féidir le gur féidir tuiscint a fháil ar imthosca an teagmhais agus ar ord na n-imeachtaí lena mbaineann. |
| **An fhianaise a anailísiú** | Ní mór fianaise a anailísiú go cuí chun na gnéithe as ar lean an taisme muirí nó an teagmhas muirí a shainaithint. Dírítear ar thuiscint a fháil i dtaobh cén fáth gur lean an taisme as gníomh nó as dála ar leith agus ar an gcomhthéacs fisiciúil nó ar an gcomhthéacs eagraíochtúil inar tharla an taisme nó an teagmhas. |
| **Teacht ar chonclúidí** | Sainaithníonn conclúidí aon saincheisteanna sábháilteachta atá ann, mar aon le haon chosaintí easnamhacha nó neamhdhóthanacha (de chineál ábhar, feidhmiúil, siombalach nó nós imeachta) ar ceart gníomhartha sábháilteachta a fhorbairt ina leith chun taismí muirí a chosc. |
| **Gníomhartha feabhas a chinneadh** | Más cuí, déanann MCIB Moltaí Sábháilteachta i.e. tograí i leith gníomhartha feabhais chun taismí agus teagmhais muirí amach anseo a chosc, ar moltaí iad a thugtar do na páirtithe atá sa riocht is fearr chun iad a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaidh MCIB breithniú a dhéanamh i dtaobh gníomhartha sábháilteachta ionchasacha a dhéanfadh eintiteas áirithe go díreach e.g. úinéir loinge etc. |
| **Tuarascáil** | Ullmhófar tuarascáil mar thoradh ar imscrúdú agus, i measc nithe eile, soláthróidh an tuarascáil imthosca an imeachta, anailís ar na nithe ba chúis leis an imeacht agus conclúidí an imscrúdaithe. Ní mór an tuarascáil a fhoilsiú chun na ceachtanna a foghlaimíodh faoi shaincheisteanna sábháilteachta a scaipeadh i measc an phobail mhuirí. Déantar sonraí maidir le taismí muirí agus teagmhais mhuirí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/18/CE a uaslódáil chuig an Ardán Imscrúdúcháin Eorpach maidir le Taismí Muirí* (EMCIP). |

*Is é atá san Ardán Imscrúdúcháin Eorpach maidir le Taismí Muirí (EMCIP) ná bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí a oibríonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí.

### Tuarascálacha a Foilsíodh sa bhliain 2018

D'fhoilsigh an Bord seacht dTuarascáil Deiridh i rith na bliana 2018. Tugtar mionsonraí iomlána ar leathanaigh 12 go 18.

### Teagmhais sa bhliain 2018

Thionscain an Bord Imscrúduithe Iomlána maidir le cúig theagmhas sa bhliain 2018. Tá mionsonraí achoimre faoi na teagmhais le fáil sa tábla thíos. Tá mionsonraí faoi gach teagmhas leagtha amach ar leathanaigh 9 agus 11 (ar mhaithe le cúrsaí faisnéise, tá mionsonraí faoin réamh-imscrúdú dá dtagraítear anseo roimhe seo san áireamh sa tábla seo freisin).

Is sa tionscal iascaireachta a tharla dhá cheann de na cúig theagmhas a raibh imscrúdú iomlán ag teastáil ina leith agus tharla trí cinn díobh le linn úsáid áineasa. Is mian leis an mBord comhbhrón a dhéanamh le gach duine arbh ábhar méala dóibh na teagmhais sin.

| Earnáil | Teagmhais | Dul Faoi | Básanna | Gortuithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascach | 2 | 2 | 2 | 0 |
| Lastas Ginearálta (Lastas Ró-Ró) | 1 | 0 | 1 | 0 |
| Áineas | 3 | 2 | 6 | 0 |
| Paisinéirí | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **6** | **4** | **9** | **0** |

#### Soithí Iascaireachta

Bhí dhá theagmhas ann a raibh soithí iascaireachta bainteach leo agus bhí cailleadh beatha i gceist leis an dá cheann acu.

- FV Ashling Patrick, Cnocán na Líne, Contae Mhaigh Eo (10 Aibreán 2018).
- FV Beal Sruthan, An Clochán, Contae na Gaillimhe (23 Bealtaine 2018).

#### Árthaí Áineasa

Bhí trí theagmhas ann a raibh árthaí áineasa bainteach leo agus lean cailleadh beatha as gach ceann acu.

- Teagmhas ag Portronan, Contae Dhún na nGall, a raibh árthach áineasa bainteach leis (17 Iúil 2018).
- Mótarbhád ar thuras slatiascaireachta ag Cé Chuan Onna, Contae Chiarraí (20 Meán Fómhair 2018).
- Teagmhas cadhcála ar an Ruachtach, Contae Chiarraí (4 Samhain 2018).

Tá táblaí mionsonraí maidir le teagmhais a tharla sna blianta ó 2009 go 2018 le fáil ar leathanaigh 19 agus 20 den tuarascáil seo. Sa tábla thíos, tugtar achoimre ar na teagmhais go léir a tharla sna blianta sin:

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 6 | 18 | 7 | 13 | 6 | 5 | 5 | 9 | 6 | 9 |
| Gortuithe | Nialas | 2 | Nialas | 4 | Nialas | 1 | 0 | 14 | Nialas | Nialas |
| An líon soithí a bhí i gceist | 6 | 18 | 12* | 17 | 6 | 7 | 7 | 15 | 5 | 6 |

*Ní áiríonn an figiúr seo an teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh líon mór cadhcanna i gceist leis.

### Eitic in Oifigí Poiblí

I rith na bliana 2018, chomhlíon gach comhalta den Bhord na forálacha agus na ceanglais infheidhme de chuid an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

### Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as a n-ionchur i rith na bliana 2018 i ndáil le comhlíonadh rathúil fhreagrachtaí reachtúla an Bhoird. Ní fhéadfaí aon chuid dár n-obair a dhéanamh gan oilteacht ár bpainéil éifeachtúil imscrúdaitheoirí. Déantar daoine a cheapadh chuig an bpainéal ar feadh tréimhse trí bliana agus lorg an Bord iarratais le haghaidh painéal nua i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tá an Bord ag tnúth le fáilte a chur roimh chomhaltaí nuacheaptha an phainéil i mí Eanáir 2019.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom ár gcomhbhrón a chur in iúl do theaghlach Tom Power a fuair bás roimh am. Is mian leis an mBord aitheantas a thabhairt do rannchuidiú luachmhar Tom le hobair MCIB ina ról mar

Imscrúdaitheoir Comhordúcháin, ar ról é ar tháinig deireadh leis i mí Iúil 2018 tar éis cuid mhór blianta rathúla seirbhíse.

Is cúis áthais dom freisin aitheantas a thabhairt d'obair iontach na Rúnaíochta nach bhféadfadh an Bord feidhmiú gan a sainscileanna agus taithí. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a n-obair dhíograiseach i dtimpeallacht dhúshlánach lena ngabhann acmhainní teoranta. Ina theannta sin, ba mhaith leis an mBord a mbuíochas a ghabháil le Margaret Bell as a seirbhís mar Rúnaí an Bhoird agus le Patrick Leonard freisin, agus comhghairdeas a dhéanamh leo; tar éis dóibh ardú céime a fháil d'fhág siad MCIB. Bhí an t-ádh orainn gur ceapadh Denise Hyland agus Paul Hallissey chun róil na beirte sin a ghlacadh chucu féin sa Rúnaíocht.

Mar fhocal scoir, agus mé ag druidim le deireadh an dara téarma i mo Chathaoirleach, is í seo mo Thuarascáil Bhliantúil deiridh. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl i leith an chúnaimh a thug tú féin, a Aire, agus a thug do chuid oifigeach don Bhord agus domsa i rith na bliana 2018 agus fad a bhí mise i mo Chathaoirleach ar MCIB.



CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta



Cathaoirleach:
**Cliona Cassidy, B.L.,**



Leas-Chathaoirleach:
**Ms. Dorothea Dowling**



Comhalta Boird:
**Mr. Frank Cronin**



Comhalta Boird:
**Mr. Brian Hogan, Príomh-Shuirbhéir An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**Mr. Nigel Lindsay Imscrúdaitheoir Sinsearach Tionóiscí Iarnróid, RAIU, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

| | |
|---|---|
| Rúnaí | Margaret Bell (Eanáir-Meitheamh 2018) |
| | Denise Hyland (Iúil-Nollaig 2018) |
| Rúnaíocht: | Monica Quinn |
| | Patrick Leonard (Eanáir-Meán Fómhair 2018)<br>Paul Hallissey (Deireadh Fómhair-Nollaig 2018) |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 |
| Teileafón: | 01-6783485 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Láithreán Gréasáin: | www.mcib.ie |

Seo a leanas roinnt faisnéise ginearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm MCIB imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear sin in Alt 2 den Acht. Le linn do MCIB a fheidhmeanna a chur i bhfeidhm, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdaithe Taismí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair. Is le I.R. Uimh. 276 de 2011 a thugtar éifeacht do Threoir 2009/18/CE i ndlí na hÉireann.

**Ciallaíonn Taisme Mhuirí imeacht nó próiseas is cúis leis an méid seo a leanas nó a chruthaíonn bagairt i leith an méid seo a leanas:**

(a) bás duine nó gortú tromchúiseach do dhuine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) caillteanas suntasach nó tráchur damáiste i leith soithigh nó maoine nó imbhualadh le soitheach nó le maoin; nó

(d) damáiste suntasach don chomhshaol,

i dtaca le hoibriú soithí den sórt seo a leanas:

(i) soitheach in uiscí na hÉireann;

(ii) soitheach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in aon áit; nó

(iii) soitheach a bhíonn lonnaithe nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi rialú ag cónaitheoir de chuid an Stáit in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is é is cuspóir do gach imscrúdú ar leith ná:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a shuíomh.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le taismí muirí den tsamhail chéanna a sheachaint.

***Tá sé tábhachtach a thuiscint NACH é cuspóir imscrúdúcháin milleán nó locht a chionroinnt. Is comhlacht neamh-ionchúiseach é an Bord. Is feidhm de chuid Comhlachtaí Reachtúla, amhail an Garda Síochána etc., é aon ionchúiseamh a éiríonn as aon taisme a sheoladh.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é MCIB agus maoinítear é faoi Alt 19 den Acht.

Déantar cóip den tuarascáil deiridh faoi gach imscrúdú ar leith a chur chuig an Aire le go mbreithneofar na moltaí a dhéantar sa tuarascáil. Cuirtear gach tuarascáil ar fáil saor in aisce don phobal (ach iad a iarraidh) nó is féidir rochtain a fháil orthu ar láithreán gréasáin MCIB ag www.mcib.ie.

# Teagmhais agus Imscrúduithe
2018

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

An Tréimhse Tuairiscithe - 1 Eanáir go 31 Nollaig 2018

# Réamhrá

Ón tráth ar bunaíodh an Bord sa bhliain 2002 agus suas go deireadh na bliana 2018, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord maidir le 223 chás.

Léiríonn na staitisticí atá sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a bhí i gceist agus na cúiseanna le gach teagmhas ar leith agus tugtar léargas don léitheoir ar scóip agus ar obair an Bhoird. Go dtí seo, coinníodh na formáidí tuairiscithe i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuarascálacha a bhí ann i mblianta roimhe seo.

Foilsítear gach tuarascáil ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá líon áirithe díobh ar fáil i bhformáid pháipéir ach iarratas ina leith sin a chur chuig an Rúnaí.

# Achoimre ar na Teagmhais a Tharla i rith na bliana 2018

1 Eanáir go 31 Nollaig 2018

Is léiriú an méid seo a leanas ar theagmhais na bliana 2018 atá á n-imscrúdú ag an mBord.

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | BÁSANNA |
|---|---|---|---|---|---|
| **FV Aisling Patrick** | 10 Aibreán 2018 | Soitheach iascaireacht a <15 m | Dul go tóin poill | Ar an 10 Aibreán 2018, ag tuairim is 07.00 a.m., d'fhág an 'FV Aisling Patrick' an Baile Glas, Contae Mhaigh Eo, agus triúr ar bord chun dul ag iascaireacht ronnach idir Ceann Iorrais agus Oileán sa Tuaidh. Thart ar 12.30 p.m. thosaigh an soitheach ag luí ar a dheasbhord. Chuaigh an Scipéir isteach sa chábán stiúrach agus laghdaíodh luas an tsoithigh chun a fháil amach cad ba chúis leis an liosta. Bhuail tonn an soitheach ar an gclébhord, rud a bhrúigh bábhún an deasbhoird faoin uisce agus a thuiligh an deic. Beagnach láithreach, bhuail an dara tonn an clébhord arís agus iompaíodh an soitheach béal faoi. Chuaigh gach duine den triúr ball den chriú isteach san uisce agus cailleadh duine amháin acu. Ar an 2 Bealtaine 2018, tháinig cabhlach an tsoithigh i dtír ar oileán Uibhist a Deas in Albain. | 1 bhás |
| **FV Beal Sruthan** | 23 Bealtaine 2018 | Soitheach iascaireacht a <15 m | Dul go tóin poill | Ar an 23 Bealtaine 2018, d'fhág an 'FV Beal Sruthan', a bhí á oibriú ag an taismeach, suíomh anaithnid gar don Chlochán, ar suíomh é a gcreidtear ina leith go bhfuil sé gar do bhaile fearainn Chúl an Chlaí, Contae na Gaillimhe, chun tosú ag cur potaí gliomach. Tar éis thart ar uair an chloig, chuaigh an taismeach i dteagmháil le cara ar a fhón póca á rá go raibh uisce á thógáil ar bord agus go raibh sé i dtrioblóid. Tugadh foláireamh do na seirbhísí éigeandála agus ós rud é go raibh siad ar an eolas faoi shuíomh garbh an tsoithigh chuaigh siad chun farraige ó stáisiún RNLI an Chlocháin. Glaodh amach héileacaptar IRCG freisin. Bhí na seirbhísí éigeandála ar an láthair laistigh de thuairim is 25 nóiméad. Tamall gairid ina dhiaidh sin chonaic criú an héileacaptair corp agus seoladh bád an RNLI ina threo. Aisghabhadh an corp agus tugadh i dtír é i gCuan an Chlocháin. | 1 bhás |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | BÁSANNA |
|---|---|---|---|---|---|
| **Portronan** | 17 Iúil 2018 | Mótarbhád Áineasa | Dul go tóin poill | Ar an 17 Iúil 2018, ag tuairim is 08.00 a.m. d'fhág mótarbhád áineasa Portronan, Contae Dhún na nGall, agus triúr ar bord. Ligeadh don bád imeacht le sruth fad a bhí an criú ag iascaireacht le slata. Roinnt uaire an chloig ina dhiaidh sin tosaíodh an t-inneall ach níorbh fhada gur stop sé agus ní rabhthas in ann é a thosú arís. Cuireadh an soitheach ar ancaire óna dheireadh fad a bhí an criú ag obair ar an inneall. Bhris tonn thar dheireadh an tsoithigh agus tuilíodh an bád agus le linn don chriú glaoch éigeandála a dhéanamh ar fhón póca bhris dara tonn thar dheireadh an bháid agus bádh an bád. Sular cuireadh an glaoch teileafóin i gceangal leis an nGarda Cósta thit an fón póca isteach san uisce. Tógadh an gháir tamall i bhfad níos déanaí nuair a chuala duine ar an gcladach duine den chriú ag béicíl. Glaodh amach báid tarrthála, héileacaptar SAR agus an Garda Cósta. Tharrtháil bád iascaireachta duine amháin den chriú. Tharrtháil an héileacaptar dara ball den chriú agus tugadh go hOspidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin, áit a bhfuair sé bás níos déanaí an tráthnóna céanna. Fuarthas corp an tríú ball den chriú ar an gcladach thart ar 1.5km ar shiúl. | 2 bhás |
| **Cé Onna, Cathair Saidhbhín** | 30 Meán Fómhair 2018 | Mótarbhád Áineasa | Dul go tóin poill | Ar an 30 Meán Fómhair 2018. ag thart ar 08.30 a.m., d'fhág mótarbhád áineasa Cé Onna, Contae Chiarraí, agus triúr ar bord. Sheol an soitheach amach as Cuan Onna agus chuaigh siar chun iascaireacht a dhéanamh le slata i mBá an Daingin.<br>Ag tuairim is 6.00 p.m., chonaic duine den phobal tosach báid ag an mbealach isteach chuig Cuan Onna agus, go gairid ina dhiaidh sin, chonacthas duine san uisce níos gaire don ché. Chuir an duine den phobal an méid sin in iúl don Gharda Cósta agus ghlaoigh siad sin héileacaptar SAR agus Bád Tarrthála Dhairbhre amach. D'aisghabh an héileacaptar trí chorp ón uisce. Thángthas ar iarsmaí an bháid an lá dár gcionn. | 3 bhás |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | BÁSANNA |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Ruachtach, Cill Gharbháin** | 4 Samhain 2018 | Árthach Áineasa (Cadhc) | Iompú béal faoi | Maidin an 4 Samhain 2018, thosaigh cúigear cadhcóirí turas síos an sruth ar an Ruachtach i gContae Chiarraí. Bhí na cadhcóirí ar an eolas faoi lomán a bhí ina bhacainn ar an abhainn thart ar 2.5km síos an sruth agus bhí sé beartaithe acu bealach malartach a ghlacadh díreach roimh an titim a raibh an lomán lonnaithe roimhe, is é sin, trí thiontú isteach i dtaobhchainéal. Thiontaigh an chéad triúr cadhcóirí agus thug siad a gcadhcanna i dtír agus d'fhan siad leis an mbeirt eile. Le linn don cheathrú cadhcóir a bheith ag tarraingt ar an taobhchainéal iompaíodh an cadhc béal faoi agus chuaigh an cadhcóir isteach san uisce. Rinne duine den chéad triúr iarracht greim a fháil ar an gcadhc agus ar an duine a bhí san uisce ach chuaigh an duine sin thar an titim agus chuaigh i bhfostú faoin lomán.<br>Tháinig an cúigiú cadhcóir ar an láthair agus thug a bhád i dtír<br>agus rinne an ceathrar cadhcóir iarracht an duine a tharraingt as faoin lomán ach níor éirigh leo sin a dhéanamh. Chuaigh duine amháin chuig an mbóthar agus fuair fón póca ar iasacht chun glaoch a chur ar na seirbhísí éigeandála. Nuair a tháinig na seirbhísí éigeandála ar an láthair, rinneadh iarrachtaí an lomán a bhogadh agus, tar éis thart at 1½ uair an chloig tugadh an lomán chun bealaigh agus scaoileadh an taismeach agus iompraíodh an taismeach go dtí bruach na habhann.<br>Scrúdaigh dochtúir de chuid na seirbhíse otharcharr an taismeach ar an mbruach agus fógraíodh go raibh an taismeach marbh. | 1 bhás |
| **MV Francop*** | 14 Samhain 2018 | Long choimeádán | Teagmhas marfach ar bord | Ar an 14 Samhain 2018, bhí coimeádáin á lódáil ar an long choimeádán darb ainm 'MV Francop' ag calafort Bhaile Átha Cliath. Le breacadh an lae, thug duine de chriú na loinge faoi deara go raibh casghlasáil ar iarraidh ó Bhá 25, ar thaobh an deasbhoird. Ag tuairim is 07.15 a.m., rinne an chraein droichid iarracht 4 choimeádán fholmha x 20 troigh a thógáil ó Bhá 25. Bhí ball den chriú ar an ardán idir Bá 25 agus Bá 27 i mbun ullmhúcháin maidir le casghlasáil a chur i bhfearas. Léiríonn an cur síos ar na himeachtaí gur tharla dhá theagmhas ar leithligh - ba é a bhí sa chéad cheann ná gur brúdh an ball den chriú idir coimeádán ó Bhá 25 agus coimeádán a bhí stuáilte i mBá 27. Ina dhiaidh sin briseadh casghlasáil rud a lig don cheann is ísle de na 4 choimeádán a tógadh titim ar an soitheach agus titim ar an mball céanna den chriú. Fuair an ball den chriú bás dá ghortú. Seolann an soitheach faoi bhratach Antigua agus Barbúda a bhfuil imscrúdú iomlán á dhéanamh acu. | 1 bhás |

*Rinneadh réamh-imscrúdú

# Achoimre ar Thuarascálacha a Foilsíodh sa Bhliain 2018

1 Eanáir go 31 Nollaig 2018

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁ SANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FV Kerri Heather** | 23 Feabhra 2018 | Soitheach iascaireachta <15 m | Fear thar bord | Maidin an 16 Samhain 2016, d'fhág an soitheach iascaireachta darb ainm 'FV Kerri Heather' an tInbhear Mór agus triúr ar bord. Ba é ba chuspóir leis an turas ná línte potaí a thógáil agus iad a bhaoiteáil. Ag tuairim is 09.00 a.m, de réir mar a bhí an dara líne potaí á tarlú thit an ball den chriú ag an ngaireas tarlaithe thar bord. D'ainneoin iarrachtaí láithreacha chun é a aisghabháil agus d'ainneoin cuardaigh ina dhiaidh sin ag báid tarrthála, ag soithí iascaireachta agus ag héileacaptair, níor aisghabhadh an duine. Leanadh den chuardach go dtí an 2 Nollaig ach níor aisghabhadh an duine. Ar an 11 Eanáir 2017, aisghabhadh corp ar chósta thiar thuaidh Inis Món agus aithníodh é sa deireadh mar an iascaire a bhí ar iarraidh. | 1 bhás | Is dócha go raibh comhcholgadh ar an taismeach a bhí san uisce, nó go raibh sé gan aithne gan urlabhra, tar éis dó titim thar bord mar nach ndearna sé iarracht snámh a dhéanamh ná fanacht ar snámh. Níor ghníomhaigh sé i leith ghníomhartha an Scipéara ná ní dhearna sé iarracht greim a fháil ar an Scipéir nuair a bhí siad in éineacht lena chéile san uisce. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁ SANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MV Endurance** | 17 Lúnasa 2018 | Soitheach Iascaireachta 15 m–24 m | Teagmhas marfach ar bord | Ar an 8 Samhain 2016, bhí an 'MFV Endurance' ag iascaireacht cloicheán (nephrops) tuairim is 200 míle farraige Siar Ó Dheas ó chósta na hÉireann i limistéar Bhanc Porcupine. Thart ar 06.30 p.m. bhí na líonta á dtarlú. Bhí an líon ar thaobh an deasbhoird thar a bheith trom. Le linn an líon a aisghabháil tháinig duine den chriú chun bheith sáinnithe idir an líon agus deireadh an bháid ar thaobh an deasbhoird. Fuair an duine sin bás mar thoradh ar an ngortú. | 1 bhás | Is cuid dhílis den trálaeireacht é fadhbanna amhail clocha a bheith á mbailiú i líonta nó líonta ag iompú bunoscionn. Sa chás seo, d'aithin an criú go raibh an líon an-trom agus bhí siad ag déileáil leis sin tríd an trealamh a réiteach le go bhféadfaí úsáid a bhaint as an druma lín agus as an gcrann tochrais Gilson in éineacht lena chéile chun an líon a tharlú ar bord. Mar gheall ar luas na n-imeachtaí a tharla le linn an teagmhais ní raibh an Taismeach ná aon duine eile den chriú in ann gníomhú agus/nó idirghabháil a dhéanamh chun bás an Taismigh a chosc. Ní féidir a dhéanamh amach cé acu a chuaigh an Taismeach go hearráideach chuig an áit ina raibh sé nó ar tharraing an líon chuig an áit sin é. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁ SANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FV Cu na Mara** | 6 Meán Fómhair 2018 | Soitheach Iascaireachta 15 m-24m | Fear thar bord | Ar an 30 Meitheamh 2016, thosaigh an 'FV Cú na Mara' ag iascaireacht cloicheán (nephrops) thart ar 130 míle farraige Siar ó Cheann Sléibhe. Bhí na líonta á n-ullmhú le haghaidh an chéad tráil. Thart ar 02.00 p.m. díchornadh an dá líon ón dá dhruma lín agus tarraingíodh san uisce taobh thiar den soitheach iad. Le linn phróiseas aistrithe ceangal na líonta ó na drumaí lín chuig an gcrann tochrais lártharlaithe, thit duine den chriú thar dheireadh an tsoithigh agus chuaigh isteach san uisce. Bhí Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) á chaitheamh ag an duine sin agus teannadh é. D'aisghabh na daoine eile den chriú ón uisce é go tapa agus riaradh garchabhair ar bord. Measadh go bhfuair sé bás thart ar 03.00 p.m. | 1 bhás | Rinneadh na líonta a chur go minic le linn an soitheach a bheith faoi úinéireacht ag an úinéir reatha. Ar gach ócáid díobh sin, scaoileadh na G-chrúcaí gan aon teagmhas suntasach a bheith ann. An uair seo, sroicheadh pointe claochlaithe a d'fhág go raibh roinnt nithe amhail éirí in airde agus lámh a shíneadh in airde dodhéanta ag an Taismeach. Bhí deacracht aige agus thit sé thar dheireadh an tsoithigh. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁ SANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FV Shanie Boy** | 5 Deireadh Fómhair 2018 | Soitheach Iascaireachta<br><br><15 m | Iompú béal faoi | Maidin Dé hAoine, an 26 Bealtaine 2017, d'fhág an soitheach iascaireachta sceana mara, an 'FV Shanie Boy' Cuan na Sceirí chun dul ar thuras iascaireachta 14 huaire an chloig. Bhí an Scipéir agus duine amháin eile ar bord tar éis roinnt dreideálacha rathúla a dhéanamh bhí cuid mhór carraigeacha agus cloch ann sa dreidire. Ardaíodh go barr an droichid iompair é agus shleamhnaigh sé de cheann den dá thaca agus thit sé ar thaobh an deasbhoird. Chuaigh sé i bhfostú i gcléata rud a chuir an bád ar a thaobh ar thaobh an deasbhoird. Rinne an Scipéir iarracht an soitheach a chur ar snámh arís trína chasadh ach lean an bád de bheith ina luí ar a thaobh agus iompaíodh béal faoi é go han-ghasta. Ní raibh Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) á chaitheamh ag ceachtar iascaire nuair a iompaíodh an bád béal faoi cé go raibh na gairis sin á n-iompar ar an mbád. Rinne an Scipéir agus an duine eile iarracht snámh ar shiúl ón mbád a bhí iompaithe béal faoi. Ach de réir mar a chuaigh an soitheach faoin uisce d'imigh an bheirt fhear as radharc faoi dhromchla na farraige de bharr éifeachtaí an dul faoi. Tháinig an Scipéir ar ais chuig dromchla na farraige agus, go gairid ina dhiaidh sin, thóg Bád Tarrthála Cladaigh na Sceirí as an uisce é. Níor tháinig an duine eile ar ais chuig an dromchla. Aisghabhadh corp an duine eile den chriú ó ghrinneall na farraige an lá dár gcionn, is é sin, Dé Sathairn an 27 Bealtaine 2017. | 1 bhás | TIs sa bhliain 2015 a rinneadh an tsuirbhéireacht is déanaí ar an 'FV Shanie Boy' agus measadh é a bheith oiriúnach le haghaidh seirbhíse mar bhád dreideála sceana mara. Ina theannta sin, bhí Ceadúnas Báid Iascaireachta Mara faighte aige ón Údarás Ceadúnúcháin i leith Báid Iascaireachta Mara. Rinneadh iarratas air sin roimh an teagmhas ach eisíodh é go gairid ina dhiaidh. Ach nuair a thit an dreidire a bhí lán le clocha den droichead iompair chaill an bád cobhsaíocht go gasta rud a thug le fios gur beag an méid cobhsaíochta cúltaca a bhí ann ón tús. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁ SANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MV European Endeavour** | 1 Samhain 2018 | Long phaisinéirí/ Ró-Ró Idirnáisiúnta | Teagmhas marfach ar bord | Soitheach Paisinéirí agus Ró-Ró Lastais le chéile is ea an 'MV European Endeavour', agus oibríonn sé seirbhís idir calafoirt Learphoill agus Bhaile Átha Cliath. Ar an 22 Meitheamh 2017, tháinig an soitheach go Baile Átha Cliath. Nuair a bhain sé ceann scríbe amach, rinne sé a lastas feithiclí, idir fheithiclí tionlactha agus fheithiclí neamhthionlactha, a chur i dtír. Tamall gairid sular tharla an teagmhas, thosaigh an soitheach ag glacadh lastas feithiclí a thabhairt ar bord don chéad turas eile ó Bhaile Átha Cliath go Learpholl. Thart ar 01.25 p.m., thángthas ar dhuine den chriú, a bhí ag obair ar an deic lastais oscailte uachtair (Deic a cúig) ag cúl an leantóra Bogadh an leantóir chun tosaigh le go bhféadfaí teacht ar an Taismeach. Riaradh cóireáil gharchabhrach dó agus tugadh chuig ospidéal in aice láimhe é áit a ndearnadh iarrachtaí neamhrathúla chun é a athbheochan ach éiríodh as na hiarrachtaí sin ar 02.09 p.m. tráth ar fógraíodh go raibh sé marbh. | 1 bhás | Ní raibh aon fhinnéithe ann i leith an teagmhais ba chúis le bás an Taismigh. Ba mhairnéalach cleachtach é an Taismeach agus tharla rud éigin a d'fhág gur bhog sé taobh thiar den ualach a raibh sé á threorú isteach ina áit. Mar gheall air sin, brúdh an Taismeach agus fuair sé bás den ghortú a d'fhulaing sé. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁSANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MV Epsilon** | 29 Samhain 2018 | Bád Farantóireachta Paisinéirí/ Ró-Ró Idirnáisiúnta | Damáiste mar thoradh ar Dhrochaimsir | San iarnóin ar an 7 Feabhra 2016, sheol an 'MV Epsilon' as Cherbourg sa Fhrainc agus é ag déanamh ar Bhaile Átha Cliath in Éirinn. Tar éis imeacht as Cherbourg, thrasnaigh an soitheach Muir nIocht i dtreo siar ó thuaidh. Ina dhiaidh sin, chuaigh sé siar feadh Mhuir nIocht i dtreo Land's End. De réir mar a bhí an soitheach ag leanúint siar tháinig laghdú ar a thalamhluas mar thoradh ar an ngaoth aniar a bhí ag éirí níos láidre i gcaitheamh na faide. De réir mar a d'éirigh sé níos déanaí san oíche, laghdaíodh luas an tsoithigh tuilleadh mar gheall ar dálaí aimsire agus farraige a bhí ag éirí níos measa. Lean an soitheach ar aghaidh siar ó thuaidh thar Land's End sular athraíodh a threo go treo soir ó thuaidh. De réir mar a d'éirigh an ghaoth agus an aimsir níos measa fós chinn an Máistir foscadh a lorg i mBá Barnstaple. Tar éis dul isteach sa Bhá agus na dálaí i leith an soitheach a chur ar ancaire a mheas, chinn an Máistir nach mbeadh sé sábháilte déanamh amhlaidh agus chuir sé in iúl do gach roinn ar bord go raibh sé beartaithe aige 'gluaiseacht go mall faoi ghal' anonn is anall sa bhá go dtí go mbeadh feabhas ar an aimsir. Nuair a bhí an soitheach á chasadh ar ócáid áirithe, rollaigh sé go tréan agus bogadh an lasta ar dheiceanna a haon, a trí, a ceathair agus a cúig, rud a rinne damáiste do lasta agus ba chúis le gortú do dhaoine den chriú agus do phaisinéirí. Nuair a tháinig feabhas sách mór ar an aimsir, d'fhág an soitheach Bá Barnstaple agus lean sé ar a thuras go calafort Bhaile Átha Cliath, áit a bhain sé amach maidin an 9 Feabhra 2016. | Gortaíodh 10 paisinéirí agus beirt bhall den chriú | D'fhéadfadh sé gurbh é ba chúis leis an rolladh as ar lean bogadh an lasta ná tonn ard uathúil mar aon le hathraonadh agus frithchaitheamh tonnta a tharla ar an gceann tíre agus ar an gcladach an tráth céanna ar tharla rolladh an tsoithigh. Bhí an long á hoibriú de réir oibríocht modhanna meascthа inar cuimsíodh timthriall athfhillteach turas gearr farraige trasna an chainéil i rith na seachtaine agus turais aonair de chineál níos faide chuig an mór-roinn ag deireadh na seachtaine. Is fiú a lua gur úsáid an 'MV Epsilon' foirm Deck 30 le haghaidh athrú ceannais rud a bhí inghlactha le haghaidh turais ghearra ach rud nach raibh ceadaithe go sonrach lena úsáid le haghaidh turas de chineál níos faide. Dá bhrí sin, is dealraitheach nach ndearnadh an t-athrú ceannais de réir na nósanna imeachta riachtanacha. |


| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | AN DÁTA FOILSITHE | AN CINEÁL ÁRTHAIGH | AN CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/BÁ SANNA | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IRCG Delta Rib** (Tuarascáil Deiridh) | 7 Nollaig 2018 | Bád Paisinéirí/ Intíre | Bean thar bord | Ar an 9 Meán Fómhair 2016, d'iarr Fo-Ionad Tarrthála Muirí (MRSC) Dhairbhre ar Stáisiún Gharda Cósta na hÉireann (CGU) i gCill Chaoi oibrithe deonacha cuardaigh agus tarrthála a chur ar fáil chun teacht ar dhuine ar iarraidh ag na haillte siar ó dheas ón mbaile in aice leis an bhFuathach. Chuir Stáisiún Gharda Cósta na hÉireann foirne cuardaigh agus criú báid ar fáil ar an 9, 10, 11 agus 12 Meán Fómhair. Maidin an 12 Meán Fómhair tháinig na hoibrithe deonacha as Aonaid Garda Cósta Chill Chaoi agus Dhúlainn le chéile sa Stáisiún Garda Cósta agus thosaigh siad na hoibríochtaí athuair lena n-áirítear lainseáil Bád Righin Inséidte Delta (dá ngairtear an Delta RIB anseo feasta). Thart ar 01.11 p.m. le linn an dara babhta cuardaigh ar an 12 Meán Fómhair, agus le linn cuardach a dhéanamh i gcuas soir ón bhFuathach iompaíodh an Delta RIB béal faoi. Caitheadh an triúr ball den chriú isteach san uisce. Cuireadh tús le hoibríocht cuardaigh agus tarrthála (SAR). D'aimsigh RIB faoi úinéireacht phríobháideach ball amháin den chriú agus tharrtháil héileacaptar tarrthála SAR, R117, dara duine den chriú. D'aisghabh héileacaptar tarrthála SAR, R115, an tríú duine den chriú, an Taismeach, a bhí ina oibrí deonach as CGU Dhúlainn. | 1 bhás | Tá easpa soiléire ann i gCreat Náisiúnta na hÉireann maidir le Cuardach agus Tarrtháil i dtaobh cén uair a thagann oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála chun bheith ina n-oibríochtaí cuardaigh agus aisghabhála ná i dtaobh aon cheann de na céimeanna idirmheánacha d'oibríochtaí. Tharla iompú béal faoi Delta RIB Chill Chaoi laistigh de chomhthéacs leathan na bainistíochta sábháilteachta sa Gharda Cósta ina iomláine. Cé go bhfuil an tuarascáil imscrúdúcháin seo dírithe ar thaismeach sonrach Delta RIB Chill Chaoi, is gá breithniú a dhéanamh ar chuid den chomhthéacs leathan ar laistigh de a tharla an teagmhas. De réir na hanailíse atá déanta, is léir go raibh roinnt saincheisteanna sonracha ann a rannchuidigh le hiompú béal faoi an Delta RIB. |

# Samplaí de Chásanna a Foilsíodh sa bhliain 2018

1 Eanáir go 31 Nollaig 2018

Seo a leanas samplaí de thuarascálacha a foilsíodh sa bhliain 2018..

## IRCS DELTA RIB, CILL CHAOI, CONTAE AN CHLÁIR



Ar an 9 Meán Fómhair 2016, d'iarr Fo-Ionad Tarrthála Muirí (MRSC) Dhairbhre ar Stáisiún Gharda Cósta na hÉireann (CGU) i gCill Chaoi oibrithe deonacha cuardaigh agus tarrthála a chur ar fáil chun teacht ar dhuine ar iarraidh ag na haillte siar ó dheas ón mbaile in aice leis an bhFuathach. Chuir Stáisiún Gharda Cósta na hÉireann foirne cuardaigh agus criú báid ar fáil ar an 9, 10, 11 agus 12 Meán Fómhair. Maidin an 12 Meán Fómhair tháinig na hoibrithe deonacha as Aonaid Garda Cósta Chill Chaoi agus Dhúlainn le chéile sa Stáisiún Garda Cósta agus thosaigh siad na hoibríochtaí athuair lena n-áirítear lainseáil Bád Righin Inséidte Delta (dá ngairtear an Delta RIB anseo feasta). Thart ar 01.11 p.m. le linn an dara babhta cuardaigh ar an 12 Meán Fómhair, agus le linn cuardach a dhéanamh i gcuas soir ón bhFuathach iompaíodh an Delta RIB béal faoi. Caitheadh an triúr ball den chriú isteach san uisce. Cuireadh tús le hoibríocht cuardaigh agus tarrthála (SAR). D'aimsigh RIB faoi úinéireacht phríobháideach ball amháin den chriú agus tharrtháil héileacaptar tarrthála SAR, R117, dara duine den chriú. D'aisghabh héileacaptar tarrthála SAR, R115, an tríú duine den chriú, an Taismeach, a bhí ina oibrí deonach as CGU Dhúlainn.

## MV EPSILON, BÁ BARNSTABLE BAY, AN RÍOCHT AONTAITHE



San iarnóin ar an 7 Feabhra 2016, sheol an 'MV Epsilon' as Cherbourg sa Fhrainc agus é ag déanamh ar Bhaile Átha Cliath in Éirinn. Tar éis imeacht as Cherbourg, thrasnaigh an soitheach Muir nIocht i dtreo siar ó thuaidh. Ina dhiaidh sin, chuaigh sé siar feadh Mhuir nIocht i dtreo Land's End. De réir mar a bhí an soitheach ag leanúint siar tháinig laghdú ar a thalamhluas mar thoradh ar an ngaoth aniar a bhí ag éirí níos láidre i gcaitheamh na faide. De réir mar a d'éirigh sé níos déanaí san oíche, laghdaíodh luas an tsoithigh tuilleadh mar gheall ar dálaí aimsire agus farraige a bhí ag éirí níos measa. Lean an soitheach ar aghaidh siar ó thuaidh thar Land's End sular ar athraíodh a threo go treo soir ó thuaidh. De réir mar a d'éirigh an ghaoth agus an aimsir níos measa fós chinn an Máistir foscadh a lorg i mBá Barnstaple. Tar éis dul isteach sa Bhá agus na dálaí i leith an soitheach a chur ar ancaire a mheas, chinn an Máistir nach mbeadh sé sábháilte déanamh amhlaidh agus chuir sé in iúl do gach roinn ar bord go raibh sé beartaithe aige 'gluaiseacht go mall faoi ghal' anonn is anall sa bhá go dtí go mbeadh feabhas ar an aimsir. Nuair a bhí an soitheach á chasadh ar ócáid áirithe, rollaigh sé go tréan agus bogadh an lasta ar dheiceanna a haon, a trí, a ceathair agus a cúig, rud a rinne damáiste do lasta agus ba chúis le gortú do dhaoine den chriú agus do phaisinéirí. Nuair a tháinig feabhas sách mór ar an aimsir, d'fhág an soitheach Bá Barnstaple agus lean sé ar a thuras go calafort Bhaile Átha Cliath, áit a bhain sé amach maidin an 9 Feabhra 2016 Gortaíodh 10 paisinéirí agus beirt bhall den chriú.

## FV SHANIE BOY, NA SCEIRÍ, CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH



Maidin Dé hAoine, an 26 Bealtaine 2017, d'fhág an soitheach iascaireachta sceana mara, an 'FV Shanie Boy' Cuan na Sceirí chun dul ar thuras iascaireachta 14 huaire an chloig. Bhí an Scipéir agus duine amháin eile ar bord. Tar éis roinnt dreideálacha rathúla a dhéanamh bhí cuid mhór carraigeacha agus cloch ann sa dreidire. Ardaíodh go barr an droichid iompair é agus shleamhnaigh sé de cheann den dá thaca agus thit sé ar thaobh an deasbhoird. Chuaigh sé i bhfostú i gcléata rud a chuir an bád ar a thaobh ar thaobh an deasbhoird. Rinne an Scipéir iarracht an soitheach a chur ar snámh arís trína chasadh ach lean an bád de bheith ina luí ar a thaobh agus iompaíodh béal faoi é go han-ghasta. Ní raibh Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) á chaitheamh ag ceachtar iascaire nuair a iompaíodh an bád béal faoi cé go raibh na gairis sin á n-iompar ar an mbád. Rinne an Scipéir agus an duine eile iarracht snámh ar shiúl ón mbád a bhí iompaithe béal faoi. Ach de réir mar a chuaigh an soitheach faoin uisce d'imigh an bheirt fhear as radharc faoi dhromchla na farraige de bharr éifeachtaí an dul faoi. Tháinig an Scipéir ar ais chuig dromchla na farraige agus, go gairid ina dhiaidh sin, thóg Bád Tarrthála Cladaigh na Sceirí as an uisce é. Níor tháinig an duine eile ar ais chuig an dromchla. Aisghabhadh corp an duine eile den chriú ó ghrinneall na farraige an lá dár gcionn, is é sin, Dé Sathairn an 27 Bealtaine 2017.


# Comparáidí idir Taismí Muirí 2009 – 2018

| An Cineál Árthaigh | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa/Soithí Ró-Ró** | | | | | | | | | | |
| Idirnáisiúnta | | | | | | | | 10 nGortú | 1 Bhás | |
| Intíre | 1 Bhás | | | 1 Bhás | | | | 2 Ghortú | | |
| Soitheach Paisinéirí | | | | | | | | 1 Bhás<br>1 Ghortú | | |
| **Fo-iomlán** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás<br>13 Ghortú** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** |
| **Longa Lastais** | | | | | | | | | | |
| Longa Lastais Ghinearálta | | | | | | | | | | |
| Lastas Ró-Ró | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Bulciompróir | | | | | | | | | | |
| Long Choimeádán | | | | | | | | | | 1 Bhás |
| Iompróir Gluaisteán | | | | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolóta/Báirse | | | | | | | | | | |
| Iompróir Tromualaí | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás** |
| **Soithí Iascaireachta** | | | | | | | | | | |
| < 15 mhéadar | | 2 Bhás | 4 Bhás | 4 Bhás/<br>1 Ghortú | 2 Bhás | 1 Bhás | 1 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás |
| 15 - 24 mhéadar | | 1 Bhás/<br>1 Ghortú | | 5 Bhás/<br>1 Ghortú | 3 Bhás | | | | | |
| > 24 mhéadar | | | 1 Bhás | | | | 2 Bhás | 2 Bhás | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann ar bith** | **3 Bhás/<br>1 Ghortú** | **5 Bhás** | **9 Bhás/<br>2 Ghortú** | **5 Bhás** | **1 Bhás** | **3 Bhás** | **4 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** |
| **Árthaí Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Scairdscíonna | | | | | | | | | | |
| Báid Oscailte/Canúnna | 4 Bhás | 8 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás /<br>1 Ghortú | | 1 Bhás /<br>1 Ghortú | 1 Bhás | 1 Bhás |
| Mótarbhád (le deic) | | 5 Bhás /<br>1 Ghortú | | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | |
| Báid seoil | 1 Bhás | | | 1 Bhás | | 1 Bhás | | | | |
| Mótarárthach Gasta/RIB | | 2 Bhás | 1 Bhás | 1 Bhás /<br>2 Ghortú | | | | | 2 Bhás | 5 Bhás |
| **Fo-iomláin** | **5 Bhás** | **15 Bhás/<br>1 Ghortú** | **2 Bhás** | **5 Bhás/<br>2 Ghortú** | **1 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **2 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **3 Bhás** | **6 Bhás** |
| | | | | | | | | | | |
| **An Líon Iomlán Teagmhas** | **6** | **17** | **13** | **17** | **6** | **7** | **7** | **15** | **5** | **6** |
| **An Líon Iomlán Básanna** | **6** | **18** | **7** | **15** | **6** | **5** | **5** | **9** | **6** | **9** |
| **An Líon Iomlán Gortuithe** | **0** | **2** | **0** | **4** | **0** | **1** | **0** | **14** | **0** | **0** |
| **An Líon Iomlán Soithí a bhí i gceist** | **6** | **18** | **12*** | **18** | **6** | **7** | **7** | **15** | **5** | **6** |


*Ní áiríonn an figiúr seo an teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh líon mór cadhcanna agus leanaí i gceist leis.

# Treochtaí maidir le Básanna 2009 -2018


## Longa/Soithí Paisinéirí





## Longa Lastais




## Soithí Iascaireachta




## Árthaí Áineasa



# Aguisín A

Bhreithnigh MCIB na teagmhais atá leagtha amach thíos ach níor imscrúdaíodh iad. I gcás cuid de na teagmhais seo, bhí comhoibriú le stáit bhrataí eile i gceist leo nó uaslódáladh sonraí tábhachtach ina leith chuig an Ardán Imscrúdúcháin Eorpach maidir le Taismí Muirí (EMCIP)*.

| Dáta | Ainm an tSoithigh | Mionsonraí faoin Teagmhas |
|---|---|---|
| 12.01.18 | M/V Elbtrader | Bás an Phríomh-Innealtóra ón M/V Samskip |
| 20/01/2018 | M/V LIGARI | Chuaigh i dtalamh in Inbhear na Sionainne |
| 21/01/2018 | M/V Wilson Dvina | Damáistíodh le linn dul i mbeart ag Calafort Phort Láirge |
| 11/02/2018 | FV Rangiroa | Gortaíodh duine den chriú |
| 14/02/2018 | Dawn Ross | Chuaigh an soitheach i dtalamh |
| 15/02/2018 | FV Hannah J | Chuaigh an soitheach i dtalamh |
| 23/02/2018 | F/V UDRA | Soitheach gan cheannasaí |
| 25/02/2018 | F/V LIORAN | B'éigean an soitheach a tharraingt isteach sa chalafort |
| 26/02/2018 | FV FAGRABERG | Gortaíodh duine den chriú - uillinn as alt |
| 31.03.2018 | STENA HORIZON | Dóiteán beag ar bord |
| 08/04/2018 | ILV Granuaile | Gortaíodh duine den chriú |
| 17/05/2018 | Arklow Ruler | Damáistíodh an t-umar ballasta tosaigh |
| 20/06/2018 | M/V Arklow Spirit | Rinneadh damáiste mór don dréimire clébhoird |
| 02/07/2018 | Wild Spirit (Luamh) | Gortaíodh duine den chriú |
| 15/08/2018 | Luasbhád | Chuaigh i dtalamh ar Loch Dheirgeirt |
| 14/08/2018 | Imran (Soitheach seoil) | Chuaigh i dtalamh i mBá na Sceirí |
| 03/08/2018 | RNLI Trent (Bád Tarrthála) | Thit duine den chriú isteach san uisce |
| 12/08/2018 | Celtic Endeavour | Cuireadh isteach ar bhád iascaireachta i gCuan Dhún Dealgan mar thoradh ar mhaistreadh ó shoitheach |
| 09/10/2018 | FV Pebbles | Chuaigh an soitheach go tóin poill i Loch Feabhail |
| 28/09/2018 | FV Genevieve | Chuaigh an soitheach go tóin poill i Loch Súilí |
| 13/10/2018 | F Arslan | Gortaíodh duine den chriú |
| 21/10/2018 | Norbay (bád Ró-Ró/paisinéirí) | Thit bád tarrthála óna áit |
| 28/10/2018 | MV Epsilon | Dóiteán beag laistigh den fheithicil ar dheic na ngluaisteán |
| 04/11/2018 | Ocean Harvester II | Chuaigh an soitheach i dtalamh sa Dún Mór Thoir |
| 13/12/2018 | Arklow Valour | Chuaigh an soitheach i dtalamh i nDroichead Átha |
| 07/12/2018 | FV Faro Picamillo | Teagmhas maidir le duine den chriú |

*Is é atá san Ardán Imscrúdúcháin Eorpach maidir le Taismí Muirí (EMCIP) ná bunachar sonraí agus seirbhís dáilte sonraí a oibríonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA).

# Ráitis Airgeadais 2018

Marine Casualty Investigation Board

*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

An Tréimhse Tuairiscithe - 1 Eanáir go 31 Nollaig 2018

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 27 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 31 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 34 |
| Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas & ar Chúlchistí Coimeádta Ioncaim | 36 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 37 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim | 38 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | 39 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

## Na príomhghníomhaíochtaí

Ba é a bhí i bpríomhghníomhaíocht na heagraíochta i gcónaí ná imscrúduithe a dhéanamh maidir le taismí muirí a tharlaíonn in uiscí na hÉireann nó a bhfuil baint acu le soithí atá cláraithe in Éirinn.

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoi Alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Acht 2000 agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingeas Ceannaíochta) (Imscrúdú Tionóiscí) 2011. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt agus tá freagracht air i ndáil le deá-rialachas a áirithiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar Chomhaltaí an Bhoird agus ar an lucht bainistíochta sinsearach i ndáil le MCIB a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Iompair agus cuimsíonn an cód sin na nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear an méid seo a leanas i measc na n-ábhar a bhreithníonn an Bord ar bhonn buan:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha maidir le feidhmíocht.

Le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ceanglaítear ar Bhord MCIB gnáthchuntais chuí maidir le hairgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta & Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Le linn na ráitis airgeadais seo a ullmhú, tá sé de cheangal ar Bhord MCIB an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura rud é nach cuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith i ngníomh, agus
- a rá ar comhlíonadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, ach sin faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil le taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád ar taifid iad ina ndéantar a staid airgeadais a nochtadh go réasúnta cruinn aon tráth áirithe agus lena gcumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá freagracht ar an

mBord i ndáil le cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais ar láithreán gréasáin MCIB.

Tá freagracht ar an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (DTTAS) i ndáil leis an mbuiséad bliantúil a leithroinnt. Tugann MCIB próifíl i leith a chaiteachais do DTTAS gach mí. De bharr chineál na hoibre a dhéanann MCIB, ní bhíonn an Bord in ann pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht. Mar thoradh air sin, níor úsáid an Bord buiséad mar chomparáid le haghaidh an athbhreithnithe ar fheidhmíocht MCIB sa bhliain 2018.

Tá freagracht ar an mBord freisin i ndáil lena chuid sócmhainní a choimirciú agus, dá bhrí sin, i ndáil le bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis MCIB léargas fíorcheart ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais MCIB ar an 31 Nollaig 2018.

## Cur i bhFeidhm

Le Mír 1.19 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), ceanglaítear ar lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit ar leith tacú le cur i bhfeidhm straitéise trí bhíthin timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Tá sé de cheangal ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad bliantúil a cheadú agus measúnú foirmiúil a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar fheidhmíocht agus sin a dhéanamh faoi threoir an phlean agus/nó an bhuiséid. De bharr chineál na hoibre a dhéanann MCIB, i.e. taismí muirí a tharlaíonn in uiscí na hÉireann nó a tharlaíonn do shoithí atá cláraithe in Éirinn, ní féidir leis an mBord pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht.

## Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus triúr gnáthchomhaltaí. De réir an Achta Loingis Cheannaíochta 2000, tá sé de cheangal ar Phríomh-Shuirbhéir DTTAS suí ar an mBord. De réir an Achta sin freisin, tá sé de cheangal ar Ard-Rúnaí DTTAS, nó a ainmní, suí ar an mBord Ceapann an tAire an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus na comhaltaí eile den Bhord. Tá sonraí le fáil sa tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha.

| COMHALTA BOIRD | RÓL | AN DÁTA A CEAPADH/AR THÁINIG DEIREADH LEIS AN TÉARMA OIFIGE |
|---|---|---|
| Cliona Cassidy | Cathaoirleach | Ceapadh i mí Eanáir 2013/D'éirigh as oifig i mí Eanáir 2019 |
| Claire Callanan | Cathaoirleach | Ceapadh i mí Eanáir 2019 |
| Dorothea Dowling | Leas-Chathaoirleach | Ceapadh i mí Aibreáin 2017 |
| Frank Cronin | Gnáthchomhalta | Ceapadh i mí Aibreáin 2017 |
| Brian Hogan | Gnáthchomhalta | Ceapadh i mí na Nollag 2002 |
| Nigel Lindsay | Gnáthchomhalta | Ceapadh i mí na Samhna 2017 |

## Sceideal Freastal, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail i leith cruinnithe Boird sa bhliain 2018 leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá na táillí agus na costais a fuair gach comhalta ar leith san áireamh i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, ní dhearna an Bord féinmheasúnacht fhoirmiúil.. Tá gealltanas tugtha ag an mBord i leith féinmheasúnacht fhoirmiúil a dhéanamh sa bhliain 2019 agus teacht le chéile ar bhonn míosúil chun gach gné den obair atá déanta a phlé, agus imscrúduithe, cúrsaí airgeadais agus rialachas san áireamh.

D'fhostaigh an Bord cuntasóir seachtrach chun cúnamh a thabhairt maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an

gcóras rialaithe inmheánaigh. Cuireadh bailchríoch ar an athbhreithniú agus cheadaigh an Bord an tuarascáil i mBealtaine 2019.

## Athruithe Tábhachtacha Pearsanra

Tharla athrú tábhachtach pearsanra amháin sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018. Ghlac Denise Hyland ionad Margaret Bell mar Rúnaí an Bhoird i mí Iúil 2018.

## Coistí

Níor bhunaigh an Bord aon choistí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

## Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá freagracht ar an mBord i ndáil lena chinntiú go gcomhlíonann MCIB ceanglais an Chóid a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Is iad seo a leanas an nochtadh a éilítear leis an gCód:

**Caiteachas Siamsaíochta**

Bá é a bhí sa chaiteachas siamsaíochta i rith na bliana ná €856 (2017: €268). Baineann caiteachas siamsaíochta le costais a thabhaítear le haghaidh cruinnithe Boird.

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe**

Is iad seo a leanas na catagóirí éagsúla caiteachais taistil agus cothaithe:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| An Bord | - | 504 |
| Fostaithe | - | - |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| An Bord | - | - |
| Fostaithe | - | - |
| **Iomlán** | **-** | **504** |

### Costais Sainchomhairleoireachta

Baineann na costais sainchomhairleoireachta €2,984 a áirítear i suim iomlán na dtáillí dlí agus gairmiúla, is é sin, €10,668, le seirbhísí a fuarthas i rith na bliana maidir le comhairle ghinearálta dlí.

Baineann an tsuim eile i leith táillí dlí agus gairmiúla, is é sin, €7,684, le caiteachas ar phróisis a eisfhoinsíodh mar 'gnó mar is gnách'.

Níor caipitlíodh aon chostais sainchomhairleoireachta i rith na tréimhse.

## Nochtadh Breise

Tá miondealú ar shochair ghearrthéarma fostaithe san áireamh i Nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ní dhéantar nochtadh eile a éilítear leis an gCód i ndáil le costais agus socraíochtaí dlí, aíocht agus íocaíochtaí agus comhaontuithe foirceanta/téarfa a nochtadh ós rud é nár tabhaíodh aon chaiteachas i ndáil leis na catagóirí sin sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige le chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Ar bhonn na struchtúr agus na nósanna imeachta atá ann faoi láthair laistigh de MCIB maidir le formhaoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca, leanadh den mhaolú a bhí faighte ag MCIB i ndáil leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

Tá liosta le fáil anseo thíos ina dtugtar na maoluithe atá faighte ag an MCIB ar fhorálacha áirithe de chuid an Chóid mar gheall ar a mhéid bheag agus ar chineál na ngníomhaíochtaí a mbíonn sé ag plé leo.

- Iniúchadh Inmheánach, agus an Coiste Iniúchta agus Riosca
- Maoin a Fháil agus Maoin Bharrachais a Dhiúscairt
- Talamh, Foirgnimh nó Sócmhainní Ábhartha eile a Fháil
- Measúnú ar Infheistíocht Chaipitiúil
- Éagsúlú, Bunú Fochuideachtaí agus Fáil Earraí agus Seirbhísí ag Comhlachtaí Stáit
- Sócmhainní Stáit a Dhiúscairt
- Comhlíonadh na gceanglas maidir le Ceant nó Próiseas Tairisceana a úsáid.

Tá gnólacht cuntasóirí ar fostú ag MCIB agus ullmhaíonn an gnólacht sin na Ráitis Airgeadais gach bliain agus tugann sé cúnamh do MCIB i rith an phróisis iniúchóireachta. Tá meitheal oibre ar leithligh de chuid an ghnólachta cuntasaíochta ar fostú freisin chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais MCIB.

Tá clár rioscaí ag MCIB agus déantar é a athbhreithniú mar bhuanábhar ag gach uile chruinniú Boird.

Cuireadh bailchríoch ar chomhaontú formhaoirseachta MCIB ar an 4 Deireadh Fómhair 2018 tar éis é a phlé agus a athbhreithniú i gcomhar le DTTAS.



Claire Callanan
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann MCIB, admhaím freagracht an Bhoird i ndáil lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád ar bun agus a oibriú. Áiríonn an fhreagracht seo ceanglais an Chóid.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur le riosca. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bhí sé i bhfeidhm ag MCIB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráiteas airgeadais.

## Cumas maidir le Déileáil le Rioscaí

Ar bhonn na struchtúr agus na nósanna imeachta atá ann laistigh de MCIB maidir le formhaoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca, leanadh den mhaolú a bhí faighte ag MCIB ó DTTAS i ndáil leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca (ARC).

Níl aon fheidhm fhoirmiúil iniúchta inmheánaigh ag MCIB agus, ar chúiseanna dlíthiúla, ní féidir le DTTAS MCIB a chlúdach ina feidhm iniúchta inmheánaigh. Ach fostaíonn MCIB cuntasóirí seachtracha chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialú inmheánach uair amháin sa bhliain ar a laghad. Ní raibh sé de cheangal ar MCIB feidhm iniúchta inmheánaigh a bheith aige roimhe seo.

## Creat maidir le Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag MCIB, ar córas é lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina sainaithnítear na príomhrioscaí a bhaineann le MCIB agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Athbhreithníonn an Bord an clár ar bhonn míosúil. Baintear úsáid as toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Áiríonn an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhartha atá ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht atá sannta do dhaoine sonracha den fhoireann i ndáil le hoibriú rialaithe. Daingním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá doiciméid ullmhaithe maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann le gach próiseas tábhachtach gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais, mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach, sannta ar leibhéal bainistíochta,

- soláthraíonn DTTAS buiséad bliantúil €278,000 do MCIB le haghaidh imscrúduithe agus le haghaidh caiteachas eile gnó. Déantar an buiséad a tharraingt anuas de réir mar a tharraingíonn iarmhéid chuntas bainc MCIB ar €50,000. Má bhíonn iarmhéid ann ag deireadh na bliana tugtar an méid sin ar aghaidh chuig an gcéad bhliain eile;
- tá córais ann chun na sócmhainní a choimirciú.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl dóibh siúd ar a bhfuil freagracht i ndáil le gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más iomchuí, rud a dhéantar go tráthúil. Daingním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- is féidir úsáid a bhaint as tuairisciú oibríochtúil gnó chun deimhniú a fháil i ndáil leis an tslí ina bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí an lucht bainistíochta lena chinneadh go bhfuil socruithe maidir le cáilíocht á gcomhlíonadh i gcomhréir leis na hionchais i leith réimsí sonracha riosca, agus
- déanann cuntasóirí neamhspleácha athbhreithnithe ar rialú inmheánach ar bhonn bliantúil.

## Earraí agus Seirbhísí a Fháil

Daingním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag MCIB chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoir reatha maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil agus go ndearna MCIB na nósanna imeachta sin a chomhlíonadh i rith na bliana 2018 ach amháin sna cásanna a nochtar anseo thíos maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach.

Tá conarthaí lena ngabhann luach iomlán €40,006 agus nach raibh aon chomórtas fála i gceist leo i rith na bliana 2018 leagtha amach sa tábla thíos.

| An chatagóir caiteachais neamh-chomhlíontaigh | 2018 | 2018 an líon soláthróirí |
|---|---|---|
| Seirbhísí cuntasóireachta | 8,364 | 1 |
| Seirbhísí priontála | 25,776 | 1 |
| Seirbhísí dlí | 3,066 | 1 |
| Seirbhísí gairmiúla | 2,800 | 1 |
| **Iomlán** | **40,006** | **4** |

Fuarthas seirbhísí cuntasaíochta arbh fhiú €8,364 iad agus seirbhísí dlí arbh fhiú €3,066 iad tar éis próiseas iomlán fála sna blianta 2013 agus 2014. Coimeádadh na soláthróirí sin gan próiseas fála eile de bharr seirbhís shásúil roimhe sin, de bharr eolais faoi ghníomhaíochtaí agus faoi fheidhmeanna an Bhoird agus de bharr an chostais measartha íseal a bhain le gach ceann acu.

Níl conradh foirmiúil ann i leith seirbhísí priontála ó bhí an bhliain 2004 ann ós rud é go lorgaítear agus go measúnaítear meastachán i ndáil le gach tuarascáil ar leith agus go ndéantar comhaontú ina leith ina dhiaidh sin. Is ionann cineál na hoibre agus is fiú printéir a bheith ann atá eolach ar na riachtanais ar leith a bhaineann leis na tuarascálacha seo. Ina theannta sin, cinntíonn sé sin gur lú an méid ama nach mór don Rúnaíocht a chaitheamh ar an ngné seo d’obair MCIB agus laghdaítear an riosca go mbeidh earráidí ann i dtuarascálacha maidir le torthaí imscrúdúchán.

Ar an mbonn gur chuir an gnólacht seo oiliúint an-rathúil ar fáil do phainéal imscrúdaitheoirí roimhe seo, fostaíodh comhlacht gairmiúil chun oiriúint maidir le scríobh tuarascálacha a chur ar fáil do phainéal nua imscrúdaitheoirí a cheap MCIB sa bhliain 2018. Go háirithe, ag féachaint do chineál imscrúduithe MCIB, tá scileanna speisialtóireachta acu nach bhféadfaí a aimsiú i ngnólachtaí eile.

Is iad na príomhchúiseanna a bhaineann le neamh-chomhlíonadh cineál speisialtóireachta obair MCIB agus an

méideanna measartha íseal atá i gceist, an modh ina bhfeidhmíonn sé trí Bhord Feidhmiúcháin ar a bhfuil cúigear daoine agus an líon beag daoine sa Rúnaíocht tacaíochta, ar nithe iad sin ar fad ar féidir leo brú mór a chur ar acmhainní teoranta.

Tá tús curtha ag MCIB le gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí aithnide na neamh-chomhlíontachta d'fhonn comhlíonadh a áirithiú amach anseo.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Daingním go bhfuil nósanna imeachta ag MCIB chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus maidir le rialú. Tá an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann MCIB ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó obair na n-iniúchóirí seachtracha, ó na cuntasóirí seachtracha a athbhreithníonn feidhm an rialaithe inmheánaigh agus ón lucht bainistíochta sinsearach laistigh de MCIB ar a bhfuil freagracht i ndáil le creat an rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Daingním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018. Rinneadh athbhreithniú i mí Feabhra 2019 agus chuir an Bord bailchríoch ar an athbhreithniú sin, agus cheadaigh sé é, i mBealtaine 2019.

## Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach i ndáil leis an mbliain 2018, ar nithe iad a gceanglaítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Claire Callanan
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil atá le tíolacadh do Thithe an Oireachtais An Bord Imscrúdú Taismí Muirí

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Cuimsítear an méid seo a leanas sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncaim agus caiteachais agus ar chúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar sreabhadh airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí ar an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2017 de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus maidir le Poblacht na hÉireann.

## An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (ISA-anna) mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin le fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord Imscrúdú Taismí Muirí agus tá mo chuid cúraimí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí mar bhonn le mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile tíolactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí i dtaca le tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin agus maidir le nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu ar bhonn eisceachtúil, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaca leis sin.

Orla Duane
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
an 28 Meitheamh 2019.

## Aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird**

De réir mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird i ndáil leis an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh i dtaobh an cuí úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Ceanglaítear orm, faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí a iniúchadh agus tuarascáil ina leith a thabhairt do Thithe an Oireachtais. Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráitis a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm i rith an iniúchta go léir. Le linn dom déanamh amhlaidh,

- Aithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bonn a chur ar fáil dom maidir le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha ar calaois is cúis leis níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann ar earráid is cúis leis, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sna himthosca lena mbaineann, ach ní chun tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar chuibheas na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.
- Déanaim conclúid maidir le cuibheas úsáid an bhoinn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaightear, déanaim conclúid i dtaobh an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú maidir le cumas an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé, áfach, go scoirfeadh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, le n-áirítear na nithe a nochtadh, déanaim meastóireacht i dtaobh an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd ar a bhfuil freagracht i ndáil le rialachas a mhéid a bhaineann le raon agus tráthú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha a éiríonn as an iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha a shainaithním le linn an iniúchta maidir le rialú inmheánach, gan trácht ar nithe eile.

**Faisnéis maidir le nithe seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin ná ní léirím aon chineál conclúide dheimhnithigh ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, fad is atáim á dhéanamh sin, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha eile ann. Más rud é, ar bhonn na hoibre a dhéanaim, go ndéanaim conclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann san fhaisnéis eile sin, tá sé de cheangal orm an méid sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar nithe eile**

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairisciú má shainaithním nithe ábhartha maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Déanaimh tuairisciú má shainaithním aon chás ábhartha ar ina leith nár caitheadh airgead poiblí chun na críche a bhí beartaithe nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a raibh siad faoina rialú.

**Tuairiscím ar bhonn eisceachtúil freisin más amhlaidh, i mo thuairim,**

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas & ar Chúlchistí Coimeádta Ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| Ioncam | Nótaí | AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLL 2018 € | AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLL 2017 € |
|---|---|---|---|
| Deontais Oireachtais (Vóta 31, fo-mhírcheann C3) | | 237,392 | 268,959 |
| | | 237,392 | 268,959 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | 4 | 122,623 | 120,701 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 5 | 20,948 | 24,394 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | | 25,778 | 14,040 |
| Fógraíocht | | 4,933 | - |
| Dearadh an Láithreáin Gréasáin | | 584 | 677 |
| Caiteachas ar Imscrúdú Tionóiscí | 3 | 40,199 | 97,005 |
| Léarscáileanna/Cairteacha | | 1,273 | 664 |
| Taisteal & Cothú - Comhaltaí an Bhoird | 5 | - | 504 |
| Taisteal & Cothú - Eile | | - | 16 |
| Táillí Dlí & Táillí Gairmiúla | | 10,668 | 3,384 |
| Cuntasóireacht | | 8,364 | 3,567 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 7,000 | 5,000 |
| Muirir Bhainc | | 401 | 319 |
| Oiliúint | | 3,250 | - |
| Costais Ilghnéitheacha | | 855 | 268 |
| | | 246,876 | 270,539 |
| Easnamh don Bhliain | | (9,484) | (1,580) |
| Easnamh Carntha 1 Eanáir | | (41,847) | (40,267) |
| Easnamh Carntha 31 Nollaig | | (51,331) | (41,847) |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
27 Meitheamh 20

Denise Hyland
Rúnaí
27 Meitheamh 20

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail ar an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 31 NOLL 2018<br>€ | 31 NOLL 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 583 | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 45,576 | 50,570 |
| | | 46,159 | 50,570 |
| **Creidiúnaithe** – méideanna atá dlite laistigh de bhliain | | | |
| Amháin Suimeanna iníoctha | 2 | (97,490) | (92,417) |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha** | | (51,331) | (41,847) |
| **In ionannas** | | | |
| Easnamh Carntha a tugadh ar aghaidh | | (41,847) | (40,267) |
| Easnamh don tréimhse | | (9,484) | (1,580) |
| Cúlchistí Coimeádta Ioncaim | | (51,331) | (41,847) |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
27 Meitheamh 20

Denise Hyland
Rúnaí
27 Meitheamh 20

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim

Amhail ar an 31 Nollaig 2018

| | 31 NOLL 2018 € | 31 NOLL 2017 € |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | |
| Airgead tirim a gineadh/(a ionsúdh) ó oibríochtaí | (9,484) | (1,580) |
| Méadú ar infháltais | (583) | - |
| Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 5,073 | 27,260 |
| **Ionsreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | (4,994) | 25,680 |
| **Glanmhéid airgid thirim a úsáideadh maidir le gníomhaíochtaí infheistíochta** | - | - |
| **Glanmhéid airgid thirim a úsáideadh maidir le gníomhaíochtaí maoiniúcháin** | - | - |
| **Méadú/(laghdú) glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | (4,994) | 25,680 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | 50,570 | 24,890 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na b** | 45,576 | 50,570 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí leagtha amach anseo thíos. Cuireadh gach ceann acu i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Thosaigh an Bord ag oibriú ar an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmiúil é ar an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a éiríonn as imscrúduithe den sórt sin.

**b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Rinneadh ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 a ullmhú de réir FRS 102, is é sin, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme i bPoblacht na hÉireann agus atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC). Tá freagracht ar Bhord an eintitis a bhí i seilbh oifige ar dháta ceadaithe na Ráiteas Airgeadais seo i ndáil lena chinntiú go gcomhlíonann an t-eintiteas a chuid oibleagáidí iomchuí agus daingnímid gur chomhlíon an t-eintiteas an Cód.

**c) Gnóthas leantach**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach.

**d) An bonn leis an ullmhúchán**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a ndéantar iad a thomhas de réir luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

**e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais**

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2018.

**f) Airgeadra**

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in Euro (€) agus is é an Euro airgeadra feidhmiúil an Boird freisin.

**g) Deontais Oireachtais**

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais iarbhír in airgead tirim a fuarthas i rith na bliana ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana thar ceann fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí*.

**h) Aoisliúntas**

Tá na baill foirne Roinne* atá sannta chun gníomhú mar Rúnaíocht don MCIB clúdaithe le socruithe iomchuí pinsin na Roinne. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar an mBord i dtaca le Pinsin.

*Nóta Tá triúr buanbhall foirne ann i Rúnaíocht MCIB agus iad sannta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

**i) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Áiríonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim ar láimh, taiscí a choimeádtar ar glao i mbainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil tréimhsí bunaidh teacht in aibíochta trí mhí nó níos lú acu, agus rótharraingtí bainc. Tá na rótharraingtí bainc ar taispeáint laistigh d'iasachtaí i ndliteanais reatha..

## Nóta 2. Creidiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin r

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Fhabhraithe | 97,490 | 92,417 |
| | | |
| Tá méideanna a bhaineann leis an méid seo a leanas san áireamh i gcostais fhabhraithe: | | |
| Cuntas rialaithe ÍMAT | 10,055 | 1,709 |

## Nóta 3. Caiteachas ar Imscrúdú Tionóiscí

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018, chuir an Bord 7 n-imscrúdú i gcrích agus foilsíodh tuarascálacha ar gach imscrúdú ar leith. Ba é a bhí i gcostas iomlán na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018 ná €40,199. SA bhliain 2018, níor foilsíodh aon tuarascálacha eatramhacha ar imscrúduithe leanúnacha. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, bhí 10 n-imscrúdú ar siúl gan bheith curtha i gcrích. Is é atá i gcostas ionchasach na hoibre sin ná €61,376 agus tá an tsuim sin curtha san áireamh i bhfigiúr na gcostas fabhraithe i Nóta 2. Déantar costais imscrúduithe a fhabhrú sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas lena mbaineann.

## Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

### An príomhphearsanra bainistíochta

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta MCIB comhaltaí an Bhoird agus an mheitheal bhainistíochta shinsearach. Tá luach iomlán na sochar fostaithe i gcás an phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Tá Rúnaíocht bhuan ann ina bhfuil triúr ball foirne atá curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Chúitigh an Roinn costais na foirne sin as leithroinnt deontais an Bhoird. Ag deireadh na bliana 2018, bhí 3 ball foirne sannta don Bhord ag DTTAS agus bhí 3 ball foirne sannta dó ag deireadh na bliana 2017.

Tá mionsonraí faoin líon foirne ar gach pá-bhanda le fáil sa tábla anseo thíos.

| Sochair fhostaithe ghearrthéarmacha<br>€ | 2018<br>An líon fostaithe sa bhanda | 2017<br>An líon fostaithe sa bhanda |
|---|---|---|
| 0 – 59,999 | 5 | 3 |
| 60,000 – 69,999 | - | - |
| 70,000 – 79,000 | - | - |

## Nóta 5. Comhaltaí an Bhoird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn tráthrialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid oibríochtaí agus bhí 12 ghnáthchruinniú aige sa bhliain 2018. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, bhí 5 comhaltaí san iomlán ar an mBord.

Rinneadh na táillí ab iníoctha leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2018 a íoc de réir rátaí a cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fuair an Cathaoirleach agus na comhaltaí Boird táille pro rata. Sa bhliain 2018, ní bhfuair beirt chomhaltaí Boird aon táille faoin bprionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' (OPOS).

**Tá sceideal Freastail agus Táillí leagtha amach anseo thíos:**

| Comhaltaí Boird | An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| Cliona Cassidy (Cathaoirleach – d'éirigh as oifig i mí Eanáir 2019) | 12/12 | 8,978 | 14,418 |
| Claire Callanan (Cathaoirleach - ceapadh i mí Eanáir 2019) | 0/12 | - | - |
| Michael Frain | 0/12 | - | 998 |
| Frank Cronin | 12/12 | 5,985 | 4,489 |
| Dorothea Dowling | 8/12 | 5,985 | 4,489 |
| Nigel Lindsay | 12/12 | -* | - |
| Brian Hogan | 11/12 | -* | - |
| **Táillí Iomlána** | | **20,948** | **24,394** |

*De réir an phrionsabail 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' (OPOS), ní bhfuair Nigel Lindsay ná Brian Hogan aon táille sa bhliain 2018.

Íoctar ráta bliantúil le comhaltaí an Bhoird, ar bhonn pro rata seachas de réir freastail ar chruinnithe. Léiríonn na méideanna a nochtar thuas na méideanna comhlána ab iníoctha le comhaltaí.

Níor íocadh aon chostais taistil le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2018 i leith freastail ar Chruinnithe Boird i rith na bliana 2018.

## Nóta 7. Gnóthas leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018, thaifead an Bord easnamh oibriúcháin €9,484, agus easnamh carntha €55,331 don tréimhse 2002-2018. Fuarthas maoiniúchán sa bhliain 2019 agus meastar go leanfar de mhaoiniúíchán a fháil chun a chinntiú gur féidir leis an mBord a dhliteanais go léir a ghlanadh.

## Nóta 8. Costais Oibríochta

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht ar fáil in aisce don Bhord, lena n-áirítear úsáid sócmhainní dochta, in áitreabh na Roinne ar Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Déanann an Bord a chostais oibriúcháin féin a mhaoiniú cé is moite de na seirbhísí seo a leanas atá á gcur ar fáil saor in aisce ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:

- Teileafón & Facs
- Postas, stáiseanóireacht & costais phriontála inmheánaí
- Glantóireacht
- Costais oifige eile, lena n-áirítear soilsiúchán agus téamh.

## Nóta 9. Cánachas

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, níor íocadh aon chánachas ná ní gá aon fhoráil a dhéanamh ina leith sin sna ráitis airgeadais.

## Nóta 10. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí Boird go léir de réir ailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

## Nóta 11. Na Ráitis Airgeadais a Cheadú

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 27 Meitheamh 2019.

## NÓTAÍ

## NÓTAÍ

## NÓTAÍ

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Leeson Lane, Dublin 2. Telephone: 01-678 3485. Fax: 01-678 3493. www.mcib.ie